



An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13917/23
ADD 1

INST 383
POLGEN 142
AG 115

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 638 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMÁÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Clár Oibre an Choimisiúin Beart a dhéanamh de réir briathar inniu agus ullmhú don lá amárach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 638 final - Iarscríbhinní 1 go 4.

Faoi iamh: COM(2023) 638 final – Iarscríbhinní 1 go 4



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.10.2023
COM(2023) 638 final

ANNEXES 1 to 4

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Clár Oibre an Choimisiúin

Beart a dhéanamh de réir briathar inniu agus ullmhú don lá amárach

Iarscríbhinn I: Tionscnaimh nua¹

Uimh	Cuspóir beartais	Tionscnaimh
Comhaontú Glas don Eoraip		
1.	Pacáiste um Chumhacht Gaoithe	Pacáiste Eorpach um Chumhacht Gaoithe (neamhrechtach, R4 2023)
2.	Sprioc aeráide 2040	Sprioc aeráide 2040 (neamhrechtach, R1 2024)
3.	Athléimneacht uisce	Tionscnamh maidir le hathléimneacht uisce (neamhrechtach, R1 2024)
Eoraip atá Oiriúnach don Aois Dhigiteach		
4.	Spás sábháilte le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh	a) Dlí Spáis an Aontais (rechtach, lena n-áirítear measúnú tionchair, Airteagail 114 agus 191 CFAE, R1 2024)
		b) Straitéis maidir le geilleagar sonraí spáis (neamhrechtach, R1 2024)
5.	An intleacht shaorga chun fónamh do nuálaíocht agus iomaíochas na hEorpa	Tionscnamh chun acmhainneacht sár-ríomhaireachta Eorpach a oscailt do ghnólachtaí nuathionscanta intleachta saorga atá eiticiúil siosmaideach (rechtach agus neamhrechtach, R1 2024)
Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine		
6.	Biteicneolaíocht agus Bithmhonaraíocht	Tionscnamh Biteicneolaíochta agus Bithmhonaraíochta (neamhrechtach, R1 2024)
7.	Idirphlé sóisialta	Obair leantach ar Chruinniú Mullaigh Val Duchesse (R1/R2 2024)
8.	An t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, uathriaíl straitéiseach oscailte	Ardábhair le haghaidh na ceannaireachta tionsclaíche (neamhrechtach, R1 2024)
9.	Comhairle Oibreacha Eorpacha	Tionscnamh maidir le rialacha i ndáil leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha (rechtach nó neamhrechtach, lena n-áirítear measúnú tionchair, Airteagal 153(2)(b), i gcomhar le hAirteagal 153(1)(e) CFAE, R1 2024, freagraíonn sé do rún P9_TA(2023)0028 <i>‘Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha’</i> , arna ghlacadh de bhun Airteagal 225 CFAE)

¹ San iarscríbhinn seo tá faisnéis bhreise curtha ar fáil ag an gCoimisiún, a mhéid atá sí ar fáil, faoi na tionscnaimh atá ina chlár oibre, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht níos fearr. An fhaisnéis sin, atá idir lúibíní in aice le gach tionscnamh, níl inti ach faisnéis tháscach, agus ar féidir go dtiocfaidh athrú uirthi le linn an phróisis ullmhúcháin, go háirithe mar gheall ar thoradh próisis measúnaithe tionchair.

Eoraip níos láidre sa Domhan		
10.	Comhpháirtíochtaí a neartú	Teachtairacht Chomhpháirteach maidir le comhpháirtíocht neartaithe leis an Afraic (neamhrechtach, R2 2024)
11.	An chosaint Eorpach	Straitéis thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach (rechtach agus/nó neamhrechtach, R1 2024)
Ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn		
12.	Smuigleáil imirceach a chomhrac	An creat dlíthiúil a thabhairt cothrom le dáta agus an comhar a neartú chun smuigleáil imirceach a chomhrac (rechtach agus/nó neamhrechtach, Airteagal 83(2) agus Airteagal 79(2)(c) CFAE, R4 2023)
13.	Céim Eorpach chomhpháirteach	a) Céim Eorpach chomhpháirteach (neamhrechtach, R2 2024)
		b) Moladh ón gComhairle maidir le gairmeacha tarraingteacha agus inbhuanaithe san ardoideachas (neamhrechtach, Airteagail 165 agus 166 CFAE, R2 2024)
		c) Moladh ón gComhairle maidir le córas dearbhaithe cáilíochta agus aitheantais Eorpach (neamhrechtach, Airteagail 165 agus 166 CFAE, R2 2024)
Ugach nua do Dhaonlathas na hEorpa		
14.	Ag ullmhú don mhéadú	Teachtairacht maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais (neamhrechtach, R2 2024)
15.	Cosaint leanaí	Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite um chosaint leanaí (neamhrechtach, Airteagal 292 CFAE, R1 2024)

Iarscríbhinn II – Tograí agus tionscnaimh shuntasacha chun na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú²
agus meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta

Roinn A - Tograí agus tionscnaimh chun cuíchóiriú a dhéanamh ar cheanglais tuairiscithe a ghlac an Coimisiún ó bhí mí an Mhárta 2023 ann		
Uimh.	Teideal	Tuairisc
1.	Teachtairacht maidir leis an digitiú i gcomhordú na slándála sóisialta: an tsaorghluaiseacht sa Mhargadh Aonair a éascú – COM(2023) 501	Cuirtear i láthair sa Teachtaireacht bearta chun nósanna imeachta maidir le comhordú na slándála sóisialta a dhigitiú chun an t-ualach riaracháin ar shaoránaigh shoghluaiسته agus ar ghnólachtaí a oibríonn thar theorainneacha a laghdú.
2.	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú – COM(2023) 227	Leis an togra déantar foráil maidir leis an ualach tuairiscithe ar bhainc agus ar údaráis a laghdú trí dheireadh a chur le hoibleagáidí áirithe. Ina theannta sin, éascófar an chomhroinnt faisnéise idir na húdaráis leis an togra sa chaoi nach ndéanfar dúbláil ar an dtuairisciú a dhéanann na bainc.
3.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/895 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na nósanna imeachta, na formáidí agus na teimpléid le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais chun a dtuarascáil ar a sócmhainneacht agus ar a staid airgeadais a nochtadh (Sócmhainneacht II)	Faoi Threoir Shócmhainneacht II, an 4 Aibreán 2023 ghlac an Coimisiún Caighdeáin Theicniúla Cur Chun Feidhme nua maidir le tuairisciú agus nochtuithe ag gnóthais árachais agus athárachais, caighdeáin a shimplíonn an tuairisciú, a chuireann deireadh le roinnt teimpléad agus a dhéanann an tuairisciú níos comhréirí.
4.	Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach – COM(2023) 402	Déantar foráil leis an togra maidir leis an ualach ar ghnólachtaí a laghdú a bhui leis an úsáid mhéadaithe a bhaintear as foinsí nua (digiteach agus riaracháin) agus trí ardáin shlána um malartú sonraí a dhigitiú. Is féidir coigilteas nach beag a shamhlú i ndáil le méid na suirbhéanna a laghdú agus, ar an gcaoi sin, an t-ualach ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh a laghdú. Déanfaidh an laghdú ar an ualach difear do ghnólachtaí de gach méid, lena n-áirítear FBManna. Bainfidh FBManna tairbhe as staitisticí atá níos flúirsí agus níos tráthúla, go háirithe ós rud é gurb iad FBManna formhór na bhfreagróirí i suirbhéanna gnó.

² Cuirtear i láthair san iarscríbhinn seo tograí agus tionscnaimh a ghlac an Coimisiún ó bhí mí an Mhárta 2023 ann, agus tograí agus tionscnaimh bhreise atá á nglacadh ag an gCoimisiún leis an gclár oibre seo nó a nglacfaidh sé ina dhiaidh sin, ar tograí agus tionscnaimh iad lena ndéantar ceanglais tuairiscithe an Aontais a chuíchóiriú. Ina theannta sin, cuimsítear san iarscríbhinn tionscnaimh atá ar na bacáin agus na meastóireachtaí REFIT is suntasaí a dhéanfaidh an Coimisiún in 2024.

Uimh.	Teideal	Tuirisc
5.	<p>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus (CE) Uimh. 453/2008 – COM(2023) 459</p>	<p>Beidh simpliú agus éifeachtúlacht fheabhsaithe mar thoradh ar an togra agus, an tráth céanna, cothóidh sé úsáid foinsí riaracháin malartacha agus teicnící digiteacha nua-aimseartha, lena n-áirítear sonraí párolla agus diúscairt ghréasáin a aistriú go huathoibríoch, nithe a mbeidh ról acu maidir leis an ualach ar fhiontair i gcoitinne agus ar FBManna go háirithe a mhaolú.</p>
6.	<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1472 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán(CE) Uimh 1055/2008 a mhéid a bhaineann lena mhinice a sholáthraíonn Ballstáit a dtuarascáil cháilíochta maidir le staidreamh a bhaineann le comhardú íocaíochtaí, trádáil idirnáisiúnta seirbhísi agus infheistíocht dhíreach ón gcoigríoch</p>	<p>Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme déantar cuíchóiriú ar oibleagáidí tuairiscithe trí thuarascálacha meiteashonraí a shimpliú agus a chomhchuihbhiú agus trí laghdú ar mhinicíocht na dtuarascálacha cáilíochta a ullmhaíonn gach údarás staidrimh sa Chóras Staidrimh Eorpach (Eurostat, Ballstáit an Aontais Eorpaigh, Limistéar Saorthrádála na hEorpa agus an Córas Eorpach Banc Ceannais — CEBC).</p>
7.	<p>Athbhreithniú ar an Rialachas Eacnamaíoch:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 – COM(2023) 240; ○ Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air – COM(2023) 241; ○ Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE ón gComhairle maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát – COM(2023) 242. 	<p>Maidir le ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú, cuirfidh na tograí sin pleannanna meántéarmacha fíoscacha struchtúracha fíoscacha agus tuarascáil shimplí bhliantúil ar an dul chun cinn in ionad oibleagáidí troma i ndáil le tuairiscí bliantúil don Choimisiún.</p>
8.	<p>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 – COM(2023) 217</p>	<p>Leis an togra déanfar na ceanglais tuairiscithe a shimpliú agus a dhigitiú, is é sin trí phas táirge digiteach agus bileog sonraí comhábhair a thabhairt isteach le haghaidh substaintí guaiseacha.</p>

Uimh.	Teideal	Tuirisc
9.	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE – COM(2023) 462	Déantar foráil leis an togra maidir le digitiú an tuairiscithe agus an dearbhaithe comhréireachta (pas táirge dhigitigh) le haghaidh bréagán.
10.	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 – COM(2023) 443/2	Leis an togra, déantar oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú agus laghdaítear méid an tuairiscithe a bhuí le creat dlíthiúil comhchuibhithe maidir le toilleadh iarnróid agus bainistiú tráchta agus le díothú na saorbhealach lasta iarnróid.
11.	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d’fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal – COM(2023) 445/2	Cuimsítear sa togra digitiú na gceanglas doiciméadachta chomh maith le cuíchóiriú agus digitiú maidir le tarchur sonraí iompair áirithe.
12.	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt – COM(2023) 271	Meastar go mbeidh coigilteas costais riaracháin ann d’oibreoir, do ghníomhaire nó do mháistir long atá incháilithe le haghaidh cigireacht mhéadaithe mar gheall ar dhíothú na hoibleagáide um thuairisciú 72 uair an chloig roimh ré mar thoradh ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an Chalafoirt.
13.	Athchóiriú ar Chód Custaim an Aontais: <ul style="list-style-type: none"> ○ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 - COM(2023) 258; ○ Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a mhéid a bhaineann le cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach le haghaidh ciandiólacháin earraí agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur – COM(2023) 259; 	Déanann an t-athchóiriú a mholtar simpliú agus cuíchóiriú ar na ceanglais tuairiscithe custaim agus na ceanglais tuairiscithe CBL do thrádálaithe, mar shampla trí laghdú a dhéanamh ar an am is gá chun próisis allmhairiúcháin a chur i gcrích agus trí chomhéadan aonair amháin de chuid an Aontais a sholáthar agus trí athúsáid sonraí a éascú.

Uimh.	Teideal	Tuirisc
	<ul style="list-style-type: none"> ○ Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánacha a éascaíonn ciandíol earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíol earraí a allmhairíodh ó thríú críocha agus tríú tíortha agus socrúithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhu agus a íoc – COM(2023) 262. 	
14.	<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1451 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/2002 a mhéid a bhaineann le fógra a thabhairt i leith galair agus an fhaisnéis atá le cur isteach ag na Ballstáit chun cláir éigeantacha agus roghnacha dhíothaithe a fhorhmeas agus a thuairisciú agus in iarratais ar stádas saor ó ghalair</p>	<p>Sa Rialachán Cur Chun Feidhme a bhaineann le galair ainmhithe tá sé i gceist deireadh a chur le heilimintí tuairiscithe neamhriachtanacha agus soiléiriú a dhéanamh ar phríomhshainmhínte áirithe.</p>
15.	<p>Togra le haghaidh athchóiriú ar reachtaíocht ghinearálta chógaisíochta an Aontais:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 agus Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 – COM(2023) 193; ○ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/83/CE – COM(2023) 192. 	<p>Cuimsítear sa chreat athbheithnithe deireadh a chur le ceanglais tuairiscithe áirithe, mar shampla an ceanglas bliantúil atá ar fhorbróirí táirgí íocshláinte le haghaidh galair neamhchoitianta tuarascáil a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí maidir le staid forbartha na gcógas do ghalair neamhchoitianta nó do leanaí; an ceanglas ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar bhearta náisiúnta chun tacú le taighde, forbairt, infhaighteacht cógas do ghalair neamhchoitianta nó do leanaí; an ceanglas faisnéis a chur ar fáil maidir le fardal um riachtanais theiripeacha; an ceanglas ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar chásanna inar tharscaoil siad ceanglais mhonaraíochta áirithe; an ceanglas atá ar na Ballstáit athruithe a rinneadh ar liosta na gcógas údaráithe atá faoi réir oidis leighis a thuairisciú. Déantar foráil leis freisin maidir le laghdú ar mhínicíocht an tuairiscithe ar iniúchtaí ar an gcóras faireachais cógas.</p>

Uimh.	Teideal	Tuirisc
Roinn B - Tograí agus tionscnaimh bhreise arna nglacadh ag an gCoimisiún in éineacht leis an gclár oibre agus ina dhiaidh chun ceanglais tuairiscithe an Aontais a chuíchóiriú³		
1.	<p>Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 maidir le comheagrú na margáí i dtáirgí iascaigh agus doibharshaothraithe; ○ Rialachán 167/2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta; ○ Rialachán Uimh. 168/2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair. 	<p>Tá bearta sa togra lena ndéantar oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú tríd an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Deireadh a chur le ceanglais tuairiscithe áirithe atá ann cheana, nach bhfuil gá leo a thuilleadh mar gheall ar fhorluí le bearta reachtacha eile, maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh táirgí éisc; • Deireadh a chur le tuairisciú ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta cineálcheadaithe agus ceaduithe feithiclí aonair faoi seach i gcás feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta agus cuadrothair. Ní gá an tuairisciú a dhéanamh a thuilleadh tar éis staidéar ón gCoimisiún ó 2022 inar thángthas ar an gconclúid go bhfuil nósanna imeachta maidir le cineálcheadú agus ceadú aonair sásúil.
2.	<p>Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Rialachán 80/2009 maidir le Cód Iompraíochta i dtaca le córais áirithinte ar ríomhairí; ○ Rialachán 165/2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar; ○ Rialachán 996/2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc. 	<p>Tá bearta sa togra chun oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú tríd an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Deireadh a chur leis an oibleagáid tuarascálacha iniúchta ó dhíoltóirí córais áirithinte ar ríomhairí a chur isteach agus ceangal a chur ar dhíoltóirí céannacht an iniúcháir a chur in iúl don Choimisiún; • Foilseachán ar an suíomh gréasáin a thugtar cothrom le dáta mar is iomchuí a chur in ionad an tuarascáil bhliantúil maidir le feisteoirí tacagraif agus ceardlanna; • Deireadh a chur leis an oibleagáid tuarascálacha bliantúla ar imscrúduithe tionóiscí san eitlíocht sibhialta a fhoilsiú, ar tuarascálacha iad atá iomarcach anois i bhfianaise an athbhreithnithe sábháilteachta bhliantúil a fhoilsíonn Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.
3.	<p>Togra le haghaidh Rialachán lena n-aisghairtear Rialachán 524/2013 maidir le réiteach díospóidí ar líne le haghaidh díospóidí tomhaltóirí</p>	<p>Le haisghairm an Rialacháin maidir le réiteach díospóide ar líne le haghaidh díospóidí tomhaltóirí cuirfear deireadh leis na ceanglais tuairiscithe ghaolmhara, ceanglais nach bhfuil gá leo a thuilleadh.</p>
4.	<p>Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Rialachán 1093/2010 lena mbunaítear an tÚdarás Baincéireachta Eorpach; ○ Rialachán 1094/2010 lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde; 	<p>Leis an togra déantar simpliú ar na ceanglais tuairiscithe tríd an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Comhroinnt sonraí idir na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus údaráis eile na hearnála airgeadais a éascú agus ceanglais tuairiscithe nua a shrianadh. Leis sin, cuirfear bailiú sonraí níos éifeachtúla chun cinn agus seachnófar tuairisciú dúbailte, rud a rachaidh chun tairbhe dhíreach na n-údarás Eorpach agus náisiúnta agus chun tairbhe indíreach na n-eintiteas earnaála airgeadais a mbíonn orthu faisnéis a sholáthar; • Minicíocht an tuairiscithe do chomhpháirtithe cur chun feidhme InvestEU a laghdú ó gach 6 mhí go uair sa

³ Tá líon suntasach tograí á ghlacadh le clár oibre 2024 an Choimisiúin. Na tograí a ghlacfar ina dhiaidh sin, marcáiltear le ‘*’ iad.

Uimh.	Teideal	Tuirisc
	<ul style="list-style-type: none"> ○ Rialachán 1095/2010 lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margai; ○ Rialachán 1092/2010 lena mbunaítear an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach; ○ Rialachán 2021/523 lena mbunaítear an Clár InvestEU. 	bhliain i gcás fhorhóir na n-eilimintí de na ceanglais tuairiscithe. Laghdófar leis sin an t-ualach riaracháin ar na comhpháirtithe cur chun feidhme, agus dá bhrí sin, laghdófar an t-ualach riaracháin go hindíreach ar ghnólachtaí agus ar FBManna.
5.	Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas	Leis an togra laghdófar raon feidhme an Rialacháin maidir le Tagarmharcanna trí dhírú ar thagarmharcanna suntasacha. Dá bhrí sin, beidh faoiseamh láithreach ann ó cheanglais eagraíochtúla agus tuairiscithe do na riarthóirí ábhartha i ndáil le tagarmharcanna nach bhfuil faoin raon feidhme a thuilleadh.
6.	Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán 2016/2031 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí	Leis na leasuithe atá beartaithe laghdófar ualach na hoibleagáide tuairiscithe tríd an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Digiú a dhéanamh ar an tuairisciú ó na húdarás náisiúnta maidir le torthaí na suirbhéanna ilbhliantúla ar lotnaidí; • Minicíocht an tuairiscithe ó údarás náisiúnta a bhfuil baint aige le cláir ilbhliantúla suirbhéireachta a laghdú; • Deireadh a chur le tuairisciú nach bhfuil riachtanach a thuilleadh maidir le bearta náisiúnta a dhéantar i gcoinne lotnaidí áirithe.
7.	Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear: <ul style="list-style-type: none"> ○ Treoir 2011/24/AE maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm; ○ Treoir 1999/2/CE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bia a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin; ○ Treoir 2014/53/AE maidir le comhchuíbhíú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh; ○ Treoir 2000/14/CE maidir le dlíthe na mBallstát a chomhfhogasú i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh lena úsáid lasmuigh. 	Leis an togra laghdófar an t-ualach tuairiscithe atá ann cheana tríd an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Minicíocht thuarascálacha an Choimisiúin maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a laghdú, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh laghdú comhfhreagrach ar an ualach tuairiscithe d'údarás náisiúnta sna Ballstáit; • Deireadh a chur leis an tuarascáil bhliantúil maidir le seiceálacha arna ndéanamh i saoráidí radaíochta ianúcháin agus ar sheiceálacha ag céim mhargaíochta an táirge; • Minicíocht na dtuarascálacha maidir le gníomhaíochtaí faireachais margaidh maidir le trealamh raidió a laghdú; • Deireadh a chur leis an oibleagáid faisnéis faoi thorann a tharchur i leith trealamh amuigh faoin aer ar faisnéis í a sholáthraítear cheana féin trí lipéadú.
8.	Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir	Leis an togra laghdófar minicíocht an tuairiscithe ó bhliantúil go débhlíantúil le haghaidh na tuarascála achoimre bliantúla a ullmhaíonn na Ballstáit de bhun Airteagal 21(2) de Threoir INSPIRE agus ina bhfuil

Uimh.	Teideal	Tuirisc
	2007/2/CE lena mbunaítear Bonneagar d’Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE)	faisnéis faoi thacair sonraí a shainiúitear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir, mar shampla líonraí fóntais, suíomh saoráidí táirgthe agus saoráidí tionsclaíocha, etc.
9.	Togra le haghaidh Cinneadh lena leasaítear: <ul style="list-style-type: none"> ○ Treoir 96/67/CE ón gComhairle maidir le rochtain ar an margadh láimhseála ar an talamh ag aerfoirt sa Chomhphobal; ○ Treoir 2009/33/CE maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan a chur chun cinn chun tacú le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí; ○ Treoir 2022/1999 maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha i dtaca le seiceálacha ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar; ○ Treoir 2009/12/CE maidir le muirir aerfoirt. 	<p>Leis an togra déantar foráil maidir leis an ualach tuairiscithe atá ann cheana a laghdú tríd an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Minicíocht an tuairiscithe a laghdú i ndáil le haerfoirt a thagann faoi raon feidhme agus catagóirí éagsúla na Treorach maidir le láimhseáil ar an talamh; • Minicíocht an tuairiscithe faoin Treoir a laghdú i ndáil le feithiclí glana a sholáthraítear chun tacú le húsáid soghluaisteachta íseal-astaíochtaí; • Deireadh a chur leis an tuairisciú roghnach ar líon iomlán na n-earraí contúirteacha a iompraítear de bhóthar sna Ballstáit; • Deireadh a chur leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit liosta na n-aerfort a fhoilsiú ar aerfoirt iad atá faoi réir na rialacha maidir le muirir aerfoirt faoin Treoir maidir le muirir aerfoirt agus atá faoi réir na rialacha maidir le seirbhísí láimhseála ar an talamh faoin Treoir maidir le seirbhísí láimhseála ar an talamh.
10.	Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas (an Treoir Chuntasaíochta), arna leasú le Treoir 2022/2464 (i ndáil leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta)	<p>Leis an togra cuirtear siar dhá bhliain an spriocdháta le haghaidh ghlacadh na gcaighdeán Eorpach eárnalach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta (mí an Mheithimh 2024 faoi láthair). Leis sin tiocfaidh laghdú láithreach ar an ualach tuairiscithe ar chuideachtaí atá faoin raon feidhme, FBManna san áireamh.</p>
11.	Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2014/62/AE maidir le cosaint an euro agus airgeadraí eile ar ghóchumadh leis an dlí coiriúil	<p>Leis an togra sin, leasaítear an Treoir maidir le cosaint an euro agus airgeadraí eile ar ghóchumadh trí dheireadh a chur leis an tuairisciú débhlantúil iomarcach ar an líon daoine a ionchúisítear agus a chiontaítear as góchumadh airgeadra.</p>
12.	Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2013/11/AE maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí	<p>Déantar foráil sa togra sin maidir le laghdú ar na ceanglais tuairiscithe atá ann faoi láthair trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Minicíocht na dtuarascálacha gníomhaíochta ó eintitis um réiteach malartach díospóide a laghdú: ó bhliain amháin go dhá bhliain agus mír amháin níos lú éigeantach le tuairisciú i.e. maidir le comhar na n-eintiteas um réiteach malartach díospóide laistigh de líonraí eintiteas um réiteach malartach díospóide; • Ní bheidh ar eintitis réitigh um réiteach malartach díospóide cumarsáid a dhéanamh a thuilleadh le húdaráis inniúla um réiteach malartach díospóide maidir leis na nithe seo a leanas: measúnú ar an éifeachtacht, oiliúint a chuirtear ar fáil dá bhfoireann agus éifeachtacht an nós imeachta um réiteach malartach díospóide arna geur

Uimh.	Teideal	Tuairisc
		<p>ar fáil ag an eintiteas um réiteach malartach díospóide;</p> <ul style="list-style-type: none"> • Deireadh a chur le hoibleagáidí maidir le faisnéis faoi réiteach malartach díospóide atá ar thrádálaithe.
13.	<p>Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas (an Treoir Chuntasaíochta), i gcomhréir le hAirteagal 3(13) den Treoir chéanna.</p>	<p>Leis an ngníomh tarmligthe sin déantar foráil maidir leis an gcoigeartú do bhoilsciú ar na tairseacha méide chun an Treoir Chuntasaíochta a chur i bhfeidhm, rud a mheastar go mbeidh ceanglais tuairiscithe laghdaithe do níos mó ná milliún cuideachta mar thoradh air.</p>
14.	<p>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe 2016/232 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán 1308/2013 maidir le gnéithe áirithe de chomhar táirgeoirí</p>	<p>Leis an ngníomh tarmligthe sin déantar foráil maidir le simpliú na n-oibleagáidí atá ar na Ballstáit maidir le fógra a thabhairt i ndáil lena gcinntí roinnt rialacha arna leagan síos ag eagraíochtaí áirithe um chomhar táirgeoirí a leathnú, arna iarraidh sin dóibh, chun oibreoirí eile atá ag gníomhú san earnáil chéanna agus sa réimse eacnamaíoch céanna a chumhdach.</p>
15.	<p>Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leasaítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 180/2014 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán 228/2013 (lena gcuirtear chun feidhme an Clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúlacht agus le hoileánacht); ○ Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 181/2014 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán 229/2013 (lena gcuirtear chun feidhme na hoileáin bheaga Aeigéacha); 	<p>Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme déantar foráil maidir le deireadh a chur le tuarascálacha bliantúla ar iarratais incháilithe a fuarthas agus na méideanna a bhaineann le bearta lena gcuirtear táirgeadh áitiúil chun cinn sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha. Leis an rialachán cur chun feidhme, cuirtear deireadh freisin le fógraí uathoibríocha maidir le formheas an chirt an lógó a úsáid ar tháirgí talmhaíochta d'ardchaighdeán a bhaineann go sonrach leis na réigiúin is forimeallaí.</p>
16.	<p>Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán 2021/2116 maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht</p>	<p>Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme déantar foráil maidir le digitiú an tuairiscithe ar phlean rialaithe agus bearta a rinneadh chun grinnscrúdú a dhéanamh ar idirbhearta faoin gcomhbheartas talmhaíochta.</p>
17.	<p>Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)</p>	<p>Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme déantar foráil maidir le deireadh a chur le tuairisciú bliantúil ar dhíolúintí</p>

Uimh.	Teideal	Tuairisc
	2015/1375 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh <i>Trichinella</i> i bhfeoil	arna ndeonú le haghaidh scrúdú <i>trichinella</i> i ndálaí tithíochta rialaithe.
18.	Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leasaítear⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme 999/2001 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú	Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme déantar foráil maidir le laghdú ar mhinicíocht na dtuarascálacha ar chlár phóraithe náisiúnta chun roghnú le haghaidh frithsheasmhacht in aghaidh einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha.
19.	Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/2066 ón gCoimisiún maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE	Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme, laghdaítear a mhinice nach mór d'oibreoírí san earnáil cumhachta, sna tionscail dianfhuinnimh agus san eitlíocht tuairisciú a dhéanamh ar fheabhsuithe ar a modheolaíochtaí a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, gan an bonn a bhaint de chuimsitheacht riachtanach na sonraí.
20.	Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leasaítear⁵ Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/92 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2019/883 a mhéid a bhaineann le modheolaíochtaí sonraí faireacháin agus leis an bhformáid ina dtuairiscítear dramhaíl a iasctar go héighníomhach	Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme déantar foráil maidir le tuairisciú cuíchóirithe a mhéid a bhaineann leis an méid dramhaíola a iascadh go héighníomhach trí mhinicíocht na n-aighneachtaí a laghdú.
21.	Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena ndeonaítear maoluithe do Bhallstáit áirithe faoi Rialachán 1099/2008	Leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme, deonaítear maoluithe a bhfuil teorainn ama leo ó tharchur staidrimh náisiúnta áirithe a bhaineann le modheolaíochtaí nua, suirbhéanna sonraí agus córais TF a fhorbairt, agus rochtain ar fhoinsí nua sonraí sa réimse fuinnimh d'ocht mBallstát a d'iarr maoluithe den sórt sin.
22.	Athbheithniú ar Threoir 92/106/CEE maidir le hiompar comhcheangailte earraí idir na Ballstáit*	Áirítear sa togra nósanna imeachta a shimpliú, mar shampla trí úsáid a bhaint as ardáin um shonraí digiteacha iompair le haghaidh cruthúnas incháilitheachta i gcás oibríochtaí iompair comhcheangailte.
23.	Togra le haghaidh Rialachán maidir le staidreamh iascaigh*	Leis an Rialachán nua, aisghairfear an reachtaíocht atá ann cheana agus is é is aidhm dó sin simpliú a dhéanamh ar an mbailiú sonraí is gá chun staidreamh Eorpach iascaigh a tháirgeadh.
24.	Cur chun feidhme foirme coitinne i bhformáid leictreonach chun dearbhuithe oibrithe ar postú a	Le digitiú agus bunú foirme coitinne, déanfar dearbhuithe oibrithe ar postú a shimpliú agus a éascú. Chomhlánófaí an simpliú riaracháin sin le forbairt agus soláthar comhéadain ilteangaigh phoiblí trínar féidir le

⁴ Chuir an Coimisiún an dréachtghníomh faoi bhráid an choiste ábhartha coisteolaíochta.

⁵ Chuir an Coimisiún an dréachtghníomh faoi bhráid an choiste ábhartha coisteolaíochta.

Uimh.	Teideal	Tuairisc
	éascú*	soláthraithe seirbhíse postú oibrithe a dhearbhu, i gcás na mBallstát sin a roghnaíonn úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí sin.
25.	Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/1070*	Is é is aidhm don rialachán cur chun feidhme laghdú a dhéanamh ar mhinicíocht na dtuarascálacha ar chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme 2020/1070 ón gCoimisiún maidir le saintréithe pointí rochtana gan sreang a bhfuil raon beag acu a shonrú.
26.	Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/896 maidir le Treoir Seveso III*	I gcás Threoir Seveso III, lena bhforáiltear don chreat ábhartha maidir le bearta bainistithe riosca chun mórtionóiscí a chosc agus chun a n-iarmhairt a theorannú, leagfar amach i gcinneadh cur chun feidhme an fhoráid tuairiscithe 4 bliana chun faisnéis a chur in iúl ó na Ballstáit maidir leis an gcur chun feidhme, rud a dhéanfaidh na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann faoi láthair dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/896/AE a chuíchóiriú agus a shimpliú.

Roinn C - Meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta le haghaidh 2024

Uimh.	Teideal	Tuairisc /// Cur síos
1.	Seiceáil oiriúnachta ar an gcaoi a gcuirtear an prionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as i bhfeidhm maidir leis an gcomhshaol	Ciallaíonn an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as go n-íocann truaillitheoirí as bearta chun an truailliú a chosc, a rialú agus a leigheas agus as an gcostas a chuireann an truailliú ar an tsochaí. Breathnófar sa tseiceáil oiriúnachta seo ar cé chomh maith agus a chuirtear an prionsabal i bhfeidhm, lena n-áirítear a chur i bhfeidhm i mbeartas a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an gcomhshaol. Le raon feidhme na seiceála oiriúnachta, cumhdófar na beartais de chuid an Aontais a bhfuil tionchar acu ar staid an chomhshaoil trína ndéantar acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, agus trína gcosnaítear an bhithéagsúlacht, lena n-áirítear trí thruailliú an aeir, an uisce agus na hithreach a laghdú. Breithneoidh sé cur i bhfeidhm an phrionsabail 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' ar leibhéal na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm dhlí agus bheartais an Aontais, agus cur i bhfeidhm an phrionsabail 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' trí bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear coincheap na bhfóirdheontas atá díobhálach don chomhshaol. Breithneofar sa tseiceáil oiriúnachta freisin aon fhéidearthacht na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú.
2.	Seiceáil oiriúnachta ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir le cothroime dhigiteach	Tá sé fógartha ag an gCoimisiún sa chlar oibre nua do thomhaltóirí go ndéanfaidh sé anailís lena fháil amach an dteastaíonn gníomhaíocht bhreise chun leibhéal comhionann cothroime ar líne agus as líne a áirithiú. Leis an tseiceáil oiriúnachta seo, déanfar meastóireacht ar cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear ardleibhéal cosanta sa timpeallacht dhigiteach le trí cinn d'ionstraimí cothrománacha de chuid dlí na dtomhaltóirí, mar atá Treoir 2005/29/CE maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha, Treoir 2011/83/AE maidir le Cearta Tomhaltóirí agus an Treoir 93/13/CEE maidir le Téarmaí Éagóracha Conartha. Scrúdóidh sé leordhóthanacht na rialacha atá ag an Aontas faoi láthair agus chun déileáil le saincheisteanna cosanta tomhaltóirí amhail leochaileachtaí tomhaltóirí ar líne, patrúin dhiorcha, cleachtais phearsantaithe, margáíocht tionchaire, agus conarthaí sintiúis, ach gan a bheith teoranta do na nithe sin amháin. Déanfar measúnú freisin ar cibé an mbainfeadh an creat dlíthiúil atá ann cheana tairbhe as neartú nó sruthlíniú spriocdhírithé, agus an comhleanúnachas le reachtaíocht eile sa réimse digiteach á

Uimh.	Teideal	Tuairisc /// Cur síos
		chur san áireamh agus á áirithiú an tráth céanna. Leis an tseiceáil oiriúnachta, scrúdófar an raon feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann d'aon laghdú ualaih, laghdú ar chostais agus simpliú, maidir le ceanglais tuairiscithe freisin.
3.	Meastóireacht ar an Rialachán Rialachais (Rialachán (AE) 2018/1999)	Tá an Rialachán Rialachais dírithe ar oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát a chuíchóiriú agus a chuíchóiriú san <i>acquis</i> fuinnimh agus aeráide trí chéile. Is é is aidhm don mheastóireacht éifeachtúlacht fhorálacha an Rialacháin seo a nochtadh go dtí seo agus féachaint ar aon fhéidearthachtaí le haghaidh tuilleadh cuíchóirithe. Féadfar a thabhairt chun suntais sa mheastóireacht gur gá an cuíchóiriú a thabhairt chun críche a thuilleadh mar thoradh ar an gcreat reachtach nua fuinnimh agus aeráide a eascraíonn as cuspóirí agus uaillmhianta 'Oiriúnach do 55' agus REPowerEU.
4.	Meastóireacht ar an Treoir maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (Treoir 2012/19/AE)	Fógraíodh an mheastóireacht sa Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla. Is é is cuspóir do reachtaíocht an Aontais maidir le dramhail ó threalamh leictreach agus leictreonach an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint, cur le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe agus úsáid éifeachtúil acmhainní a áirithiú tríd an dramhail a chosc agus a aisghabháil. Agus tomhaltas leictreonaice agus forbairtí teicneolaíochta ag dul i méid, tá dramhthrealamh leictreach agus leictreonach ar cheann de na sruthanna dramhaíola is mó fás san Aontas (agus ar fud an domhain). Déanfar feidhmiú na Treorach a mheas sa mheastóireacht. Déanfar measúnú leis ar baineadh amach na cuspóirí agus ar ábharthacht na Treorach, go háirithe maidir le geilleagar ciorclach a bhunú le haghaidh trealamh leictreach agus leictreonach, rud a rannchuidíonn le hathúsáid agus, dá bhrí sin, le neamhspleáchas an Aontais Eorpaigh maidir le hamhábhair chriticiúla. Breithneofar sa tseiceáil oiriúnachta freisin aon fhéidearthacht na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú.
5.	Meastóireacht ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (Treoir 2008/56/CE).	Leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, ceanglaítear ar na Ballstáit straitéisí a fhorbairt chun 'dea-stádas comhshaoil' a bhaint amach ionas go mbeidh farraigí glana, sláintiúla agus táirgiúla ann faoi 2020. Leis an meastóireacht seo, déanfar measúnú ar a bhfuil bainte amach agus ar easnaimh an chreata, agus ar éifeachtacht na straitéisí muirí, lena n-áirítear na hoibleagáidí faireacháin, measúnaithe agus tuairiscithe. Féachfar ann an bhféadfaí simpliú agus laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin, go háirithe trí thuairisciú na mBallstát a laghdú agus a éascú, agus trí na ceanglais faireacháin a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú amach anseo agus trí shonraí a bhailiú le haghaidh tuilleadh úsáide i measúnuithe na mBallstát. Déanfaidh sé measúnú freisin ar ábharthacht an chreata i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, go háirithe i bhfianaise straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, an plean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach, an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' (go háirithe maidir le hiascaireacht agus dobharshaothrú), an straitéis soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste (iompar muirí) agus táirgeadh fuinnimh ghlain. Sa mheastóireacht, breathnófar ar rannchuidiú na Treorach leis na tionscnaimh sin, chomh maith leis na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leo, agus é mar sprioc fhoriomlán a áirithiú go rachaidh an tAontas chun cinn i dtreo cosaint níos éifeachtaí, níos comhchuibhithe agus níos éifeachtúla a bhaint amach dá fharraigí agus dá aigéin, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas. Ina theannta sin, scrúdófar aon deiseanna chun riachtanais tuairiscithe a chuíchóiriú.
6.	Meastóireacht ar an Treoir um Uisce Snámha (Treoir 2006/7/CE)	Déanfar scrúdú sa mheastóireacht ar an gcaoi ar oibrigh an Treoir, agus go háirithe ar chabhraigh sí leis an tsláinte phoiblí agus uisce glan a chosaint, trí na hiarrachtaí náisiúnta a chomhlánú. Féachfaidh sé ar dheiseanna éagsúla maidir le simpliú agus/nó feabhsuithe (amhail cuíchóiriú) ar an reachtaíocht faoi na ceanglais maidir le

Uimh.	Teideal	Tuairisc /// Cur síos
		faireachán, critéir mheasúnaithe cáilíochta, tuairiscíú agus faisnéis/rannpháirtíocht an phobail chomh maith. Áirítear ar na féidearthachtaí sin feabhsú trí úsáid mhéadaithe a bhaint as an teicneolaíocht agus trí shimpliú a dhéanamh trí dheireadh a chur le ceanglais a d'fhéadfadh a bheith neamhriachtanach.
7.	Meastóireacht ar an Treoir maidir le Níotráití (Treoir 91/676/CE)	Ba cheart a mheas sa mheastóireacht an bhfuil an Treoir maidir le Níotráití fós oiriúnach dá feidhm, an bhfuil sí i gcomhréir le huailmhianta comhshaoil agus aeráide an Aontais agus an rannchuidíonn sí le talmhaíocht agus slándáil bia atá inbhuanaithe agus athléimneach. Sa mheastóireacht, féachfar an bhfuil an Treoir ag cuidiú le feirmeoirí, agus dálaí aeráide agus comhshaoil ag athrú, an athléimneacht a chur in oiriúint agus a mhéadú, an dtacaíonn sí le cleachtais talmhaíochta nua, agus athchúrsáil cothaitheach ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear aoileach próiseáilte, á cur chun cinn go leordhóthanach. Déanfar measúnú sa mheastóireacht freisin ar an gcaoi ar féidir leis an Treoir rannchuidiú leis na gealltanais a tugadh i gComhdháil na bPáirtithe 15 (COP 15) sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) chun caillteanais cothaitheach a laghdú 50 % faoi 2030. Beidh sé ina phríomhchuspóir freisin imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le simpliú, laghdú ualaigh agus costais agus béim á leagan ar chomhleanúnachas méadaithe le reachtaíocht agus forbairtí eile i gcleachtais agus i dteicneolaíocht feirme (e.g. feirmeoireacht bheacht, úsáid shábháilte táirgí ReNure).
8.	Meastóireacht ar an Treoir maidir le pléascáin sibhialta (Treoir 2014/28/CE)	Déanfar measúnú sa mheastóireacht ar fheidhmíocht na Treorach maidir le pléascáin sibhialta, lena n-áirítear na gníomhartha cur chun feidhme. Breathnóidh sí ar fhorálacha earnáilsonracha na treorach, ag tógáil ar an meastóireacht ar fhorálacha an Chreata Reachtaigh Nua. Féachfaidh sé freisin ar na sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir an treoir seo agus an Treoir maidir le hearraí piriteicniúla nó gníomhartha eile de chuid an Aontais in earnálacha gaolmhara. Déanfar measúnú ann ar an bhféidearthacht inrianaitheacht pléascán le haghaidh úsáidí sibhialta a shimpliú, mar gheall ar dhigitiú, i gcomhthéacs a n-aistrithe trasteorann agus fiosrófar aon fhéidearthacht maidir le tuairiscíú a chuíchóiriú faoin Treoir.
9.	Meastóireacht ar an Treoir maidir le hearraí piriteicniúla (Treoir 2013/29/CE)	Déanfar measúnú sa mheastóireacht ar fheidhmíocht na Treorach maidir le hearraí piriteicniúla, lena n-áirítear na gníomhartha cur chun feidhme. Breathnóidh sí ar fhorálacha sonracha na Treorach, ag tógáil ar an meastóireacht ar fhorálacha an Chreata Reachtaigh Nua. Bunaithe ar chur chun feidhme na Treorach, déanfar measúnú sa mheastóireacht freisin ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haicmiú tinte ealaíne agus gnéithe a bhaineann leis an bhféidearthacht rialacha náisiúnta níos déine a thabhairt isteach maidir le cineálacha áirithe tinte ealaíne. Déanfar measúnú ann ar an mbreisluach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sineirgí a thabhairt isteach idir an Treoir seo agus an Treoir maidir le pléascáin sibhialta nó gníomhartha eile de chuid an Aontais in earnálacha gaolmhara chomh maith le cuíchóiriú a dhéanamh ar na ceanglais tuairiscithe faoin Treoir.
10.	Meastóireacht ar an Treoir maidir le hUirlisí Tomhais (Treoir 2014/32/CE)	Déanfar measúnú sa mheastóireacht ar fheidhmíú na Treorach maidir le hUirlisí Tomhais. Leis an meastóireacht sin déanfar scrúdú ar raon feidhme (raon táirgí) na Treorach agus ar na ceanglais theicniúla maidir le gach táirge a áirítear faoina raon feidhme. Direoidh sé freisin ar na ceanglais fhíor-riachtanacha agus fíoróidh sé an bhfuil siad fós oiriúnach dá bhfeidhm i bhfianaise an dul chun cinn teicneolaíochta agus staid reatha na teicneolaíochta. Leis an meastóireacht, tabharfar aghaidh freisin ar na gnéithe comhlíontachta digiteacha agus breithneofar an fhéidearthacht na hoibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as an Treoir a shimpliú do na Ballstáit.
11.	Meastóireacht ar an Treoir um Uirlisí Neamh-	Déanfar measúnú ar fheidhmíú na Treorach le cuspóir na meastóireachta. Leis an meastóireacht sin déanfar

Uimh.	Teideal	Tuairisc /// Cur síos
	Uathoibríocha Meáite (Treoir 2014/31/CE)	scrúdú ar raon feidhme (raon táirgí) na Treorach agus ar na ceanglais theicniúla maidir le gach táirge a áirítear faoina raon feidhme. Díreoidh sé ar na ceanglais fhíor-riachtanacha agus fíoróidh sé an bhfuil siad fós oiriúnach dá bhfeidhm i bhfianaise an dul chun cinn teicneolaíochta agus na húscothachta reatha sa teicneolaíocht. Leis an meastóireacht, tabharfar aghaidh freisin ar cheist na comhlíontachta digiteacha agus breithneofar an fhéidearthacht na hoibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as an Treoir a shimplíú do na Ballstáit.
12.	Meastóireacht ar fheidhmiú an Rialacháin maidir le caighdeánú Eorpach (Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012)	Tá athrú tagtha ar chineál an chaighdeánaithe theicniúil ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda le deich mbliana anuas. I straitéis um chaighdeánú an Choimisiúin ó Feabhra 2022 leagtar amach na dúshláin agus sraith gníomhaíochtaí maidir le caighdeánú Eorpach chun tacú le beartas agus reachtaíocht an Aontais. Sa mheastóireacht ar an Rialachán, déanfar a mheas an bhfuil sé fós oiriúnach dá fheidhm níos mó ná deich mbliana tar éis a chur i bhfeidhm. Beidh an mheastóireacht ina bonn eolais freisin don mhachnamh ar rialachas foriomlán an chórais Eorpaigh um chaighdeánú amach anseo. II gcomhréir le príomhghnéithe straitéis caighdeánaithe, 2022 an Choimisiúin, is é is cuspóir don mheastóireacht measúnú a dhéanamh ar chumas córais an Aontais caighdeán a chur ar fáil chun tacú le Margadh Aonair an Aontais a bheith glas, digiteach agus athléimneach ar bhealach tráthúil agus ábhartha don domhan trí chéile. Bunaithe ar an taithí cur chun feidhme, cumhdófar sa mheastóireacht gnéithe amhail rannpháirtíocht FBManna agus geallsealbhóirí sochaíocha i gcaighdeánú, na rialacha nós imeachta lena rialáítear iarrataí ar chaighdeánú, agus a mhéid atá nó nach bhfuil bonn cirt le tacaíocht airgeadais an Aontais do chaighdeánú Eorpach, chomh maith leis an gcumas chun an t-ualach a shimplíú agus an t-ualach a laghdú, lena n-áirítear maidir le ceanglais tuairiscithe. Tá coinne leis go ndéanfar measúnú sa mheastóireacht ar na costais a bhaineann le caighdeán a shocrú, ag céimeanna éagsúla an phróisis freisin agus ar na páirtithe leasmhara éagsúla lena mbaineann, agus ar an bhféidearthacht oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú.
13.	Meastóireacht eatramhach ar an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (Rialachán 2021/1153)	Déantar measúnú sa mheastóireacht eatramhach ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí an chláir a bhaint amach, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní, agus ar a bhreisluach Eorpach. Breathnófar freisin ar an bhféidearthacht atá ann an t-ualach a laghdú agus oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú sa tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2021-2027.
14.	Meastóireacht eatramhach ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (Rialachán 2021/241)	Sa mheastóireacht ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, déanfar measúnú ar a mhéid a baineadh amach na cuspóirí, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach Eorpach. Leis an meastóireacht sin, déanfar ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile a mheas freisin, chomh maith leis an bhféidearthacht an t-ualach a laghdú na hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú.
15.	Meastóireacht deiridh ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa 2014-2020 (Rialachán 1301/2013)	Sa mheastóireacht deiridh ar chur chun feidhme Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, déanfar measúnú ar a mhéid a baineadh amach na cuspóirí, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach Eorpach. Leis an meastóireacht sin, déanfar ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile a mheas freisin, chomh maith leis an bhféidearthacht an t-ualach a laghdú na hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú.
16.	Meastóireacht ar an Treoir maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (Treoir	Is príomhuirlis í an Treoir sa chomhrac i gcoinne na calaoise cánach, na himghabhála cánach agus na seachanta cánach. Scrúdófar sa mheastóireacht sin an bhfuil an Treoir oiriúnach don fheidhm, lena n-áirítear í a bheith éifeachtach agus éifeachtúil. Leis an meastóireacht sin, breathnófar go háirithe ar chuíchóiriú féideartha na n-

Uimh.	Teideal	Tuairisc /// Cur síos
	2011/16/AE)	oibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as an Treoir, chun eolas a dhéanamh do thograí a d'fhéadfadh a bheith ann an t-ualach tuairiscithe a laghdú.

Iarscríbhinn III: Tograí ar feitheamh

Uim h.	Teideal iomlán	Tagairtí
Comhaontú Glas don Eoraip		
1.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cailíteanais millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaistigh a laghdú	COM(2023)645 final 2023/0373 (COD) 16.10.2023
2.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE	COM(2023)451 final 2023/0284 (COD) 13.7.2023
3.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal	COM(2023)445 final 2023/0265 (COD) 11.7.2023
4.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010	COM(2023)443 final 2023/0271 (COD) 11.7.2023
5.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cuntasáocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísi iompair	COM(2023)441 final 2023/0266 (COD) 11.7.2023
6.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhail	COM(2023)420 final 2023/0234 (COD) 5.7.2023
7.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach)	COM(2023)416 final 2023/0232 (COD) 5.7.2023
8.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise)	COM(2023)415 final 2023/0228 (COD) 5.7.2023

Uimh.	Teideal iomlán	Tagairtí
	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031, 2017/625 agus 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí)	COM(2023)414 final 2023/0227 (COD) 5.7.2023
9.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625	COM(2023)411 final 2023/0226 (COD) 5.7.2023
10.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair a mhéid a bhaineann le malgam fíaclóireachta agus táirgí eile ar cuireadh mearcair leo faoi réir srianta ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú	COM(2023)395 final 2023/0272 (COD) 14.7.2023
11.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailiú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truailithe	COM(2023)273 final 2023/0171 (COD) 1.6.2023
12.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh	COM(2023)272 final 2023/0172 (COD) 1.6.2023
13.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt	COM(2023)271 final 2023/0165 (COD) 1.6.2023
14.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiropair	COM(2023)270 final 2023/0164 (COD) 1.6.2023
15.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002	COM(2023)269 final 2023/0163 (COD) 1.6.2023
16.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann leis na riachtanais íosta maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí	COM(2023)256 final 2023/0155 (COD) 24.5.2023
17.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí cosúla áirithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha agus marmaláid agus purée castáin milsithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díohiodráitithe go páirteach nó go hiomlán a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine	COM(2023)201 final 2023/0105 (COD) 21.4.2023

Uimh.	Teideal iomlán	Tagairtí
18.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le Maímh Ghlasa)	COM(2023)166 final 2023/0085 (COD) 22.3.2023
19.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394, Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828	COM(2023)155 final 2023/0083 (COD) 22.3.2023
20.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas	COM(2023)148 final 2023/0077 (COD) 14.3.2023
21.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011 agus (AE) 2019/942 chun feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh	COM(2023)147 final 2023/0076 (COD) 14.3.2023
22.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO ₂ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956	COM(2023)88 final 2023/0042 (COD) 14.2.2023
23.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2012/19/AE maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL)	COM(2023)63 final 2023/0025 (COD) 7.2.2023
24.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán	COM(2022)748 final 2022/0432 (COD) 19.12.2022
25.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le pacáistíocht agus dramhail ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE	COM(2022)677 final 2022/0396 (COD) 30.11.2022
26.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrihe carbóin	COM(2022)672 final 2022/0394 (COD) 30.11.2022
27.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cineálcheadú mótarfeithiclí agus inneall agus córas, comhphárteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009	COM(2022)586 final 2022/0365 (COD) 10.11.2022
28.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (athmhúnlú)	COM(2022)542 final 2022/0347 (COD)

Uimh.	Teideal iomlán	Tagairtí
		26.10.2022
29.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú)	COM(2022)541 final 2022/0345 (COD) 26.10.2022
30.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeán cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce	COM(2022)540 final 2022/0344 (COD) 26.10.2022
31.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115	COM(2022)305 final 2022/0196 (COD) 22.6.2022
32.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathchóiriú an dúlra	COM(2022)304 final 2022/0195 (COD) 22.6.2022
33.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an tuairisciú ar shonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha	COM(2022)157 final 2022/0105 (COD) 5.4.2022
34.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl	COM(2022)156 final 2022/0104 (COD) 5.4.2022
35.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 305/2011	COM(2022)144 final 2022/0094 (COD) 30.3.2022
36.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE	COM(2022)142 final 2022/0095 (COD) 30.3.2022
37.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le tásca geografacha an Aontais Eorpaigh le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, agus scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2017/1001 agus (AE) 2019/787 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012	COM(2022)134 final 2022/0089 (COD) 31.3.2022
38.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013	COM(2021)812 final 2021/0420 (COD) 14.12.2021

Uimh.	Teideal iomlán	Tagairtí
39.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942	COM(2021)805 final 2021/0423 (COD) 15.12.2021
40.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine (athmhúnlú)	COM(2021)804 final 2021/0424 (COD) 15.12.2021
41.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin	COM(2021)803 final 2021/0425 (COD) 15.12.2021
42.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)	COM(2021)802 final 2021/0426 (COD) 15.12.2021
43.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le loingsithe dramhaiola agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) Uimh. 2020/1056	COM(2021)709 final 2021/0367 (COD) 17.11.2021
44.	Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)	COM(2021)563 final 2021/0213 (CNS) 14.7.2021
45.	Togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Aonair Eorpaigh (athmhúnlú)	COM(2020)579 final 22.9.2020 COM(2013)410 final 2013/0186 (COD) 11.6.2013
46.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair	COM(2020)577 final 2020/0264 (COD) 22.9.2020
Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach		
47.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála	COM(2023)533 final 2023/0323 (COD) 12.9.2023

Uimh.	Teideal iomlán	Tagairtí
48.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE	COM(2023)462 final 2023/0290 (COD) 28.7.2023
49.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunphaitinní caighdeáin agus lena leasaítear Rialachán (AE)2017/1001	COM(2023)232 final 2023/0133 (COD) 27.4.2023
50.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí íocshláinte (athmhúnlú)	COM(2023)231 final 2023/0130 (COD) 27.4.2023
51.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) 816/2006	COM(2023)224 final 2023/0129 (COD) 27.4.2023
52.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí cosanta plandaí (athmhúnlú)	COM(2023)223 final 2023/0128 (COD) 27.4.2023
53.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta aonadach le haghaidh táirgí cosanta plandaí	COM(2023)221 final 2023/0126 (COD) 27.4.2023
54.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/102/CE agus Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú a thuilleadh	COM(2023)177 final 2023/0089 (COD) 29.3.2023
55.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)	COM(2023)161 final 2023/0081 (COD) 16.3.2023
56.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhbar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020	COM(2023)160 final 2023/0079 (COD) 16.3.2023
57.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a imscaradh agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (An tAcht um Bonneagar Gigighiotáin)	COM(2023)94 final 2023/0046 (COD) 23.2.2023
58.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)	COM(2022)720 final 2022/0379 (COD)

Uimh.	Teideal iomlán	Tagairtí
		18.11.2022
59.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cosaint dhlíthiúil dearáí (athmhúnlú)	COM(2022)667 final 2022/0392 (COD) 28.11.2022
60.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearáí Comhphobail agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2246/2002 ón gCoimisiún	COM(2022)666 final 2022/0391 (COD) 28.11.2022
61.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialacha dliteanais shibhialta neamhchonarthaigh a oiriúnú don intleacht shaorga (An Treoir maidir le Dliteanas IS)	COM(2022)496 final 2022/0303(COD) 28.9.2022
62.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha	COM(2022)495 final 2022/0302 (COD) 28.9.2022
63.	<p>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear ionstraim éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle</p> <p>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2019/1009 agus (AE) Uimh. 305/2011 a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála le haghaidh an mheasúnaithe comhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i ngeall ar éigeandáil sa Mhargaidh Aonair</p> <p>Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2000/14/CE, 2006/42/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE agus 2014/68/AE a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta éigeandála le haghaidh measúnú comhréireachta, glacadh sonraíochtaí coiteanna agus faireachas margaidh i ngeall ar éigeandáil sa Mhargaidh Aonair</p>	<p>COM(2022)459 final 2022/0278 (COD) 19.9.2022</p> <p>COM(2022)461 final 2022/0279 (COD) 19.9.2022</p> <p>COM(2022)462 final 2022/0280 (COD) 19.9.2022</p>
64.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020	COM(2022)454 final 2022/0272 (COD) 15.9.2022
65.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin	COM(2021)762 final 2021/0414 (COD) 9.12.2021
66.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (gníomh um an intleacht shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an aontais	COM(2021)206 final 2021/0106 (COD) 21.4.2021

Uimh.	Teideal iomlán	Tagairtí
67.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le meas ar an saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/58/CE (Rialachán maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach)	COM(2017)10 final 2017/0003 (COD) 10.1.2017
Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine		
68.	Togra le haghaidh TREOIR ón gCOMHAIRLE maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachais Ioncaim (BEFIT) Togra le haghaidh TREOIR ón gCOMHAIRLE maidir le praghsáil aistrithe	COM(2023)532 final 2023/0321 (CNS) 12.9.2023 COM(2023)529 final 2023/0322 (COD) 12.9.2023
69.	Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE	COM(2023)528 final 2023/0320 (CNS) 12.9.2023
70.	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le comhlachais trasteorann Eorpacha Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1024/2012 agus (AE) 2018/1724 a mhéid a bhaineann le húsáid Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus na Pointe Rochtana Aonair Digitigh chun críocha ceanglais áirithe a leagtar síos le Treoir (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhlachais trasteorann Eorpacha	COM(2023)516 final 2023/0315 (COD) 5.9.2023 COM(2023)515 final 2023/0314 (COD) 5.9.2023
71.	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an euro digiteach a bhunú	COM(2023)369 final 2023/0212 (COD) 28.6.2023
